



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Éascaíonn **LEADER** agus forbairt áitiúil faoi **stiúir an phobail** rannpháirtíocht áitiúil ach ní thaispeántar tairbhí breise go leordhóthanach go fóill

Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I–IX)	2
RÉAMHRÁ (Míreanna 1–18)	4
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 19–23)	4
BARÚLACHA (Míreanna 24–75)	4
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 76–84)	7
Moladh 1 – Meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí LEADER	8
Moladh 2 – Measúnú ar chur chuige ‘Forbairt Áitiúil Faoi Stiúir an Phobail’	9

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiúin Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I–IX)

Freagra Coiteann ón gCoimisiún ar an achoimre feidhmiúcháin:

Cruthaíodh go raibh modh LEADER¹ ábhartha sa 30 bliain ó tugadh é isteach agus tá sé bailí fós sa lá atá inniu ann. Eascraíonn breisluach LEADER as cur chun feidhme iomlán an mhodha² agus léirítear an luach sin i dtairbhí follasacha i dtéarmaí rialachas áitiúil, caipiteal sóisialta feabhsaithe agus thorthaí níos fearr *thionscadail LEADER i gcomparáid le seachadadh nach leanann modh LEADER*.

Inniu, tá líonra 2 800 grúpa gníomhaíochta áitiúla LEADER san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin³. Tá na scórtha míle ball grúpaí gníomhaíochta áitiúla rannpháirteach sa líonra anois: údaráis áitiúla, cumainn shóisialta agus eacnamaíochta, gnólachtaí tuaithe agus saoránaigh, agus éiríonn leis dul i gcion ar an gcuid is mó de thuithe na hEorpa chun íomhá dhearfach den Aontas a chur in iúl.

Léirítear tiomantas leanúnach an Choimisiúin do níos mó cumhachtú áitiúil agus rannpháirtíocht dhaonlathach san Aontas in infheistíocht shuntasach an Aontais i gcaipiteal daonna agus sóisialta trí na grúpaí gníomhaíochta áitiúla a chruthú agus a fheidhmiú agus trína líonra freisin.

Tá an maoiniú atá leithdháilte d'fheidhmiú na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla i bhfad níos leithne dá bhrí sin ná 'an costas riaracháin' amháin mar go gcumasaíonn sé infheistíocht shárluachmhar i ndaoine, beochan agus foghlaim choiteann na gcricí tuaithe. Áirítear leis na tairbhí dobhraite sin an obair luachmhar a dhéanann LEADER ar chaidreamh poiblí trína chistiú Forbartha Tuaithe a chur chun cinn i bpobail tuaithe áitiúla agus an fhor-rochtain a dhéanann sé leis na saoránaigh tuaithe iomadúla ar chuir an cistiú sin feabhas ar a gcáilíocht saoil.

Mar gheall ar a chineál rannpháirteach, méadaíonn próiseas bainistíochta na straitéise caipiteal sóisialta agus daonna ar an leibhéal áitiúil freisin. Teastaíonn malartú faisnéise uaidh, agus tógann sé iontaoibh, neartaíonn sé caidrimh, cumhachtaíonn sé geallsealbhóirí áitiúla agus cuireann sé le hinniúlachtaí daoine trí oiliúint, caibidlíochta agus líonrú.

Ón tús ar fad, moladh do phobail LEADAR oiriúnú agus foghlaim. D'infheistigh an Choimisiún i líonraí náisiúnta agus réigiúnacha LEADER agus sa líonrú ar an leibhéal Eorpach. Cuireann sé sin le

¹ Tagann an t-acrainm 'LEADER' as an nath a leanas sa Fhraincis '*Liaison Entre Actions de Développement de l'Économie Rurale*' a chiallaíonn 'Naisc idir gníomhaíochtaí chun an geilleagar tuaithe a fhorbairt'. Le modh LEADER, déantar foráil maidir le grúpaí gníomhaíochta áitiúla (GGAnna), ar a bhfuil gníomhairí sóisialta agus eacnamaíochta poiblí agus príobháideacha, chun a straitéisí a chur ar bun agus chun feidhme ar leibhéal críche áitiúla, an nuálaíocht a éascú ar an leibhéal áitiúil, dul i mbun comhar idir críocha agus líonrú a dhéanamh

² Eascraíonn breisluach LEADER as cur i bhfeidhm iomlán mhodh LEADER (*Guidelines: Evaluation of LEADER/CLLD* [Treoirínte: Meastóireacht ar LEADER/CLLD], Líonra Meastóireachta Forbartha Tuaithe an Aontais (2017) Ich. 21. Tá beochan agus tacaíocht d'fhothú acmhainneachta rithábachtach dá sheachadadh freisin. Deimhníodh an méid sin i staidéar tacaíochta meastóireachta a rinneadh le déanaí maidir le tionchar LEADAR ar fhorbairt chríochach chothrom (2022). (https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/cmef/rural-areas/evaluation-support-study-impact-leader-balanced-territorial-development_en)

³ Cuirtear cur chuige LEADER chun feidhme freisin i roinnt tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad, cuir i gcás an Tuirc, an tSeirbia, an Mhacadóin Thuaidh agus an Mholdóiv.

hathléimneacht a thógáil agus freagairt ar phríomhthosaíochtaí an Choimisiúin⁴ amhail téarnamh i ndiaidh Covid, cuimsiú sóisialta agus an claochlú digiteach.

Cé go raibh imeachtaí le roinnt blianta anuas bunaithe go dlúth ar obair dhomhain anailíseach, déanfaidh an Coimisiún níos mó chun rannchuidiú LEADER le caipiteal sóisialta agus rialachas áitiúil, lena n-áirítear na tionchair líonraithe, a léiriú. Éascóidh an Coimisiún tuiscint agus modheolaíochtaí chun na sócmhainní doláimhsithe sin a léiriú agus chun na Ballstáit a spreagadh déanamh amhlaidh.

Infheistíonn an tAontas i gcáilíocht straitéisí forbartha áitiúla ag tacú lena n-ullmhú, le hoiliúint agus le gníomhaíochtaí eile a dhéanann Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla ionchasacha. Eagraíonn na Ballstáit an measúnú cáilíochta ar na straitéisí de réir critéir shoiléire. Dá bhrí sin, féadfaidh neart críocha a bheith rannpháirteach agus fás, lena n-áirítear na críocha sin a thosaíonn agus bonn caipitil shóisialta níos ísle acu.

Ní chumhdaíonn LEADER inbhuanaitheacht eacnamaíoch amháin ach cumhdaítear inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil leis freisin agus tá sé ábhartha d'aon limistéar tuaithe san Aontas dá bhrí sin.

Tá na tionscadail a dtacaíonn LEADER leo bunaithe ar na straitéisí forbartha áitiúla a dhéanann na geallsealbhóirí áitiúla a shocrú le chéile. Is iomaí bealach ar féidir le cáilíocht níos fearr nó torthaí de thionscadail LEADER teacht chun cinn agus iad mar thoradh díreach ar mhodh LEADER, cuir i gcás: nuálaíocht ar an leibhéal áitiúil, cóngarach agus beochan ghníomhach chun rannpháirtithe a ligean le bheith páirteach, is rannpháirtithe iad sin nach mbeadh páirteach murach na tosca sin, níos mó inbhuanaitheachta, luachshocrú sócmhainní críochacha uathúla, lena n-áirítear tionscnaimh chruthaitheacha agus thraidisiúnta, tacú le haitheantas áitiúil, seirbhísí a sholáthar don phobal, naisc idir tionscadail agus rannpháirtithe agus gnéithe eile. Cumhdaíonn roinnt tionscadal bunleasanna áitiúla (go háirithe i mbardais ina bhfuil bonn cánach íseal), agus is minic a bhíonn na bunleasanna sin mar réamhriachtanas le haghaidh forbairtí eile, agus go gcuirfí moill leo nó nach bhfreastalófaí orthu ar chor ar bith murach go raibh LEADER ann. Spreagfaidh an Coimisiún na Ballstáit chun díriú ar incháilitheacht idirghabháil LEADER i réimsí ina gcuirfí breisluach ní ba mhó dá n-úsáidí cur chuige LEADER, ach fágfar raon feidhme leordhóthanach chun cinntí ón mbun aníos atá oiriúnach do riachtanais agus roghanna áitiúla a dhéanamh freisin.

Anuas air sin, bheadh sé casta seachadadh LEADER a chur i gcomparáid le samhlacha cistithe eile agus aird chuí á tabhairt do rannchuidiú dobhraithe LEADER ar thaobh amháin agus do rioscaí agus costais na scéimeanna cistithe eile ar an taobh eile.

Thairis sin, spreagann an Coimisiún na Ballstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra seachadta, agus go háirithe chun dúbláil na bhfeidhmeanna atá ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla agus ag na hinstiúidí comhlachaithe a sheachaint, d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú trí roghanna costais simplithe agus acmhainní saor in aisce a úsáid chun níos mó beochana agus fothú acmhainneachta a dhéanamh.

Leanfaidh an Coimisiún de theagmháil a dhéanamh leis na Ballstáit chun cur i bhfeidhm níos fearr mhodh LEADER ag na grúpaí gníomhaíochta áitiúla a chur chun cinn agus an breisluach a bhaineann leis a thaispeáint. Is céim úsáideach iad barúlacha CIE chuige sin.

Glacann an Coimisiún go páirteach leis an gcéad mholadh maidir le hanailís costais agus tairbhí LEADER agus glacann sé go hiomlán leis an dara moladh a bhaineann leis an measúnú ar chur chuige 'forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail' (CLLD).

⁴ *Communication The European Green Deal* [Teachtaireacht An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM (2019) 640 final); *Communication A Farm to Fork Strategy* [Teachtaireacht Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc] (COM (2020) 381 final); *Communication EU Biodiversity Strategy for 2030* [Teachtaireacht de chuid an Aontais Straitéis Bhithéagsúlachta le haghaidh 2030] (COM (2020) 380 final); https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/europes-digital-decadedigital-targets-2030_en 9 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-andinvestment/european-pillar-social-rights_en

RÉAMHRÁ (Míreanna 1–18)

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 1 go 16:

Seachadann grúpaí gníomhaíochta áitiúla luach díreach do phobail áitiúla. Áirítear lena gcúraimí beochan na straitéise um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail d'fhonn an teagmháil idir geallsealbhóirí a éascú ar mhaithe le faisnéis a sholáthar agus chun an straitéis a chur chun cinn agus chun tacú le tairbhithe ionchasacha d'fhonn oibríochtaí a fhorbairt agus iarratais a ullmhú. Is mó iad ná an méid a bhféadfaí breathnú orthu mar 'costais riaracháin', a mbaineann uasteorainn de 25 % leo mar a fhoráiltear ina leith in Airteagal 35.1.e de Rialachán (AE) 1303/2013 ina n-áirítear na gníomhaíochtaí sin freisin.

Féadfaidh na Ballstáit treoraíocht bhreise a sholáthar maidir le hionchuimsitheacht na gcomhpháirtíochtaí agus spreagfaidh an Coimisiún iad chun a áirithiú go bhfuil comhpháirtíochtaí na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus go háirithe go bhfuil daoine óga, mná agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste rannpháirteach sna comhlachtaí cinnteoireachta.

Ní chumhdaíonn LEADER inbhuanaitheacht eacnamaíoch amháin ach cumhdaítear inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil leis freisin agus tá sé ábhartha d'aon limistéar tuaithe san Aontas dá bhrí sin. Ní bhaineann riachtanais le haghaidh ionchuimsitheacht shóisialta, oiriúnacht chomhshaoil agus don athrú aeráide le réimsí ina bhfuil a bhfeidhmíocht eacnamaíoch lag amháin.

Is léir go measann na Ballstáit go bhfuil luach le cur chuige LEADER ón leithdháileadh substaintiúil acmhainní, leithdháileadh atá i bhfad níos mó ná an t-íosmhéid dlíthiúil le haghaidh CETFT agus an glacadh deonach faoi chistí Struchtúracha agus Infheistiúchta na hEorpa eile. Is é 6,4 % tomhas LEADER le haghaidh chlár forbartha tuaithe AE-27 2014-2022.

Thairis sin, mar gheall ar an gcineál rannpháirteach a bhaineann leis, méadaíonn próiseas bainistíochta na straitéise caipiteal sóisialta agus daonna ar an leibhéal áitiúil freisin. Teastaíonn malartú faisnéise uaidh, agus tógann sé iontaoibh, neartaíonn sé caidrimh, cumhachtaíonn sé geallsealbhóirí áitiúla agus cuireann sé le hinniúlachtaí daoine trí oiliúint, caibidlíochta agus líonrú.

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 19–23)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

BARÚLACHA (Míreanna 24–75)

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 24 go 30:

Measann an Coimisiún go ndéanann grúpaí gníomhaíochta áitiúla i bhfad níos mó ná rannpháirtíocht áitiúil a éascú amháin agus léirítear infheistiúchta an Aontais i gcaipiteal daonna agus sóisialta i gceantair thuaithe sa chistiúchán a dhéanann sé i bhfeidhmíocht na ngrúpaí sin, cé go mbíonn na próisis faofa a bhaineann leis an gcistiú sin mall.

Leis an uasteorainn de 25 %⁵ le haghaidh chostais reatha na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla, cuirtear san áireamh go follasach beochan na críche, éascú malartuithe idir geallsealbhóirí, faisnéis, cur chun cinn agus tacaíocht le haghaidh iarratasóirí ionchasacha chun oibríochtaí a fhorbairt chomh maith le bainistíocht, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na straitéisí forbartha áitiúla.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 31 go 37:

Cuireann an tAontas tacaíocht shuntasach ar fáil maidir le hullmhú na straitéisí forbartha áitiúla d'fhonn a gcáilíocht a áirithiú. Le tacaíocht den sórt sin cumhdaítear oiliúint, saintacaíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara. Thairis sin, treoraíonn na Ballstáit an próiseas trí threoirilínte modheolaíochta agus trí mhodhanna eile.

Maidir leis na straitéisí forbartha áitiúla ar fad a roghnaítear lena gcur chun feidhme, measann an Coimisiún gur cheart iad a bheith i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta. Cumhdaítear an ceanglas atá ar na Ballstáit na critéir cáilíochta roghnúcháin a bhunú le haghaidh na straitéisí forbartha áitiúla sa reachtaíocht.

Mar sin féin, ní gá gurb ionann bunú na gcritéir cáilíochta roghnúcháin le haghaidh na straitéisí forbartha áitiúla agus go mbeadh straitéisí ann i gcónaí le diúltú dóibh. Braitheann sé ar chomhthéacs gach Ballstáit. Tá géarghá le 'ionchuimsitheacht' chun ligean do críocha tuaithe éagsúla fás i dtéarmaí caipitil shóisialta agus i dtéarmaí na líonraí.

Cé go ndearnadh measúnú ar na straitéisí forbartha áitiúla uile, níor bhunaigh roinnt ballstát, amhail an Rómáin, córas chun íosleibhéal cáilíochta a áirithiú. Bhain an tSlóvaic agus an Ghréig úsáid as córas de chritéir thrédhearcacha ag a raibh marc pas íosta mar chaighdeán cáilíochta coiteann. Shainigh an tSeicis roinnt critéir thrédhearcacha a bhí éigeantach i leith na straitéisí uile agus bhí deis ag na grúpaí gníomhaíochta áitiúla na straitéisí a chuir siad isteach a fheabhsú.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 45 go 53:

Spreag an Coimisiún na Ballstáit agus leanfaidh sé de na Ballstáit a spreagadh chun díriú ar incháilitheacht idirghabháil LEADER i réimsí agus a bhreisluach i bPleananna Straitéiseacha CBT 2023–2027 agus an tsolúbthacht is gá chun ligean do chuir chuige ón mbun aníos chun freastal ar na riachtanais áitiúla a choinneáil.

Chuir sin, neartóidh an Coimisiún faireachán agus feabhsóidh sé modheolaíocht chun rannchuidiú LEADER le caipiteal sóisialta agus rialachas áitiúil a thaispeáint. Moltar sraith de tháscairí faireacháin ábhartha do na Ballstáit, sraith a bhaineann cothromaíocht amach idir ábharthacht agus éascaíocht an bhailiúcháin sonraí.

Tugann an Coimisiún aird don ualach riaracháin atá ar ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus treoraíonn sé na Ballstáit chun a gcórais seachadta a oiriúnú chun díriú ar phríomhfheidhmeanna grúpaí gníomhaíochta áitiúla⁶, na freagrachtaí a shoiléiriú agus aon dúbláil sna cúraimí a sheachaint. Cuirtear úsáid roghanna costais simplithe chun cinn go forleathan freisin. Ba cheart don úsáid sin deis a thabhairt do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla acmhainní a chur ar fáil chun níos mó beochana agus fothú acmhainneachta a dhéanamh.

Tugtar faoi chuid den obair sin tríd an nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe.

Sonraítear go soiléir in ⁵Airteagal 35 de Rialachán (AE) 1303/2013 go gcumhdaíonn an uasteorainn suas go 25 % an méid a leanas: bainistíocht na straitéise forbartha áitiúla chomh maith le beochan, malartuithe idir na geallsealbhóirí, faisnéis agus tacaíocht le haghaidh iarratasóirí ionchasacha agus a n-oibríochtaí á n-ullmhú acu.

⁶Liostaítear príomhfheidhmeanna eisiata na nGrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla in Airteagal 33.1 de Rialachán (AE) 1060/2021.

Tríd an deasc chabhrach Meastóireachta d'éirigh leis an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt, ceardlanna a eagrú ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit chomh maith le gníomhaíochtaí scaipthe chun faireachán agus meastóireacht ar LEADER agus bailiúchán sonraí a fheabhsú. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún agus an deasc chabhrach Meastóireachta aghaidh ar mheastóireacht LEADER ar bhealach suntasach ag spreagadh na mBallstát chun an mheastóireacht ar LEADER a fheabhsú.

De réir na sonraí is déanaí ó na Tuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme rinne roinnt Ballstát meastóireachtaí ar LEADER. Tá 85 mheastóireacht chríochnaithe a dhíríonn ar LEADER/CLLD.

A mhéid a bhaineann leis an meastóireacht atá le teacht ar LEADER maidir le forbairt chríoachach chothrom, cuireann an Coimisiún i dtábhacht go leanfaidh an mheastóireacht prionsabail rialála níos fearr agus cumhdóidh sí na cúig chritéar meastóireachta⁷. Dá bhrí sin, is é breisluach AE na critéir mheastóireachta a ndéantar measúnú orthu agus ní breisluach LEADER. Tugann breisluach AE aghaidh ar an gceist faoin bhfáth a soláthraíonn beartas ar leith (LEADER) torthaí níos fearr má chuirtear é i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais i gcomparáid le leibhéal eile rialachais (náisiúnta, réigiúnach) agus ní má sheachadann modh LEADER i gcomparáid le seachadadh nach leanann modh LEADER (e.g. comparáid ar thacaíocht trí bheart traidisiúnta ón mbarr anuas i leith forbairt tuaithe).

Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil breisluach LEADER éigeantach ach gur cur chuige molta é chun measúnú a dhéanamh ar LEADER faoi chuimsiú an phróisis meastóireachta.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 54 go 56:

Maidir le neart tionscadal a ndearna CIE measúnú orthu, measann an Coimisiún go raibh an mianach iontu tairbhí breise a chur ar fáil do phobail áitiúla a raibh baint dhíreach idir iad agus modh LEADER. D'fhéadfaí é sin a léiriú trí nuálaíocht ar an leibhéal áitiúil, comhar gníomhairí, luachshocrú sócmhainní críochacha uathúla, athneartú féiniúlachta pobail, tacaíocht le gnólachtaí cruthaitheacha nó traidisiúnta nó seirbhísí a theastaíonn sa limistéar a sholáthar, mar shampla. An éagsúlacht mhór sa raon feidhme agus sa saibhreas rannpháirtíochta áitiúla i neart tionscadal, tionscadail níos lú go príomha, tá an éagsúlacht sin le feiceáil sna tionscadail a ndearna CIE measúnú orthu in Iarscríbhinn III.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 57 go 58:

D'fhéadfaí an íomhá níos mó a chailleadh má bhreathnaítear ar thionscadail ina n-aonar. Áirítear i roinnt straitéisí tionscadail a fhreastalaíonn ar riachtanais níos 'bunúsaí' ach tá siad tábhachtach don straitéis fhoriomlán agus ní bheifí in ann na riachtanais sin a shásamh, nó dhéanfaí iad a shásamh i bhfad ní ba dhéanaí, mura bhfaighidís cistiú LEADER.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 61 go 63:

Cé go n-éileodh gné de rialachas áitiúil agus caipiteal sóisialta measúnú a dhéanamh (próiseas a dteastaíonn go leor acmhainní ina leith agus atá cáilíochtúil den chuid is mó), is féidir roinnt modheolaíochtaí a oiriúnú agus a úsáid. Déanfaidh an Coimisiún níos mó oibre faoi chuimsiú líonrú agus mheastóireachtaí an Aontais.

Fiú má tá seans go mbeadh measúnú ar mhéadú caipitil shóisialta casta, comhaontaítear gur toisc thábhachtach fáis é an caipiteal sóisialta, a chuireann le costais idirbhearta níos ísle, athneartú

⁷ Is iad seo a leanas na cúig chritéar meastóireachta: éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE.

conartha níos fearr, tógáil rioscaí, nuálaíocht, foghlaim chomhchoiteann agus oiriúnú sóisialta, agus míníonn sé sin an fáth a n-úsáideann neart Ballstát LEADER chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta éagsúla amhail cuimsiú sóisialta, agus ar bhonn níos déanaí, téarnamh i ndiaidh Covid.

Tacaíonn an Coimisiún le tionscadail H2020 freisin d'fhonn modheolaíochtaí a fhorbairt chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar ghnéithe sóisialta. Tá sé d'aidhm ag tionscadail amhail SIMRA, IMAJINE nó MATILDE réitigh a fhorbairt is féidir a chur i bhfeidhm chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe sóisialta agus forbairt áitiúil i limistéir thuaithe is féidir a úsáid nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar bhreisluach LEADER. Áiríodh na hacmhainní sin i mbanc eolais na Deisce Cabhrach Meastóireachta chun cuidiú leis na Ballstáit agus na saineolaithe uirlisí úsáideacha a aimsiú chun measúnú a dhéanamh ar LEADER.

Chun faisnéis a sholáthar do Bhallstáit agus meastóirí maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le tionscadail den sórt sin atá le measúnú, d'fhorbair an Coimisiún, tríd an Deisce Cabhrach Meastóireachta, 'banc eolais' ina ndearnadh anailís ar na tionscadail sin chun míniú conas a d'fhéadfadh a n-aschuir a bheith úsáideach chun meastóireacht a dhéanamh ar CBT, lena n-áirítear gnéithe socheacnamaíochta agus forbairt áitiúil.

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó shintéis na Tuarascála Bliantúla ar Chur Chun Feidhme, d'oibrigh an Coimisiún, tríd an Deasc Chabhrach, ar chainníocht rannchuidiú LEADER a fheabhsú i bhfianaise na meastóireachta *ex-post* ar na Cláir Forbartha Tuaithe atá ann faoi láthair.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 64 go 75:

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1303/2013 (Rialachán na bhForálacha Coitianta 2014–2020), déantar foráil sa Chreat Straitéiseach Coiteann maidir le prionsabail treoraíochta straitéisí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh sé oibleagáid breise ar na Ballstáit ach ba cheart dó an feidhmiú cláraithe a éascú.

A mhéid a bhaineann le comhar idir na húdaráis freagracha de chuid na mBallstát, d'fhéadfadh comhar struchtúrtha i straitéis CLLD difríocht dhearfach a dhéanamh (i dtéarmaí rochtain ar chistiú, saineolas ar earnáil eile, acmhainní) i gcomparáid le cás nach bhfuil straitéis choiteann ann, e.g., d'fhéadfadh rochtain ar chlár tacaíochta a bheith dúshlánach má táthar ag leibhéal riaracháin éagsúla.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 76–84)

Freagraí ón gCoimisiún:

78. Cumhdaíonn an uasteorainn de 25 % bainistíocht na straitéisí, beochan, malartuithe idir geallsealbhóirí agus cúnaimh le haghaidh iarratasóirí ionchasacha agus a n-oibríochtaí á bhforbairt acu. Thairis sin, cumhachtaíonn cineál rannpháirteach bhainistíocht na straitéise, in éineacht leis an mbéim a chuirtear ar an bhfoghlaim agus ar líonrú, na daoine áitiúla agus d'fhéadfaí breathnú air mar infheistíocht i bpobail áitiúla.

79. Dearbhaítear cáilíocht straitéisí forbartha áitiúla trí roinnt sásraí amhail: tacaítear lena n-ullmhú agus lena gcritéir roghnúcháin (meastóireacht ar cháilíocht). Tacaíonn an tAontas le hullmhú na Straitéisí Forbartha Áitiúla ó thaobh airgeadais de i bhfianaise a gcáilíochta. Déantar measúnú ar gach straitéis sula roghnaítear í. Tá ciall leis an gcás a dhíríonn ar chríocha a bhfuil a leibhéal tosaigh (i dtéarmaí caipiteal sóisialta) níos ísle a bheith rannpháirteach ionas nach bhfágfar ar lár iad.

80. Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh go mbeadh cothromaíocht le baint amach idir cáilíochtaí an tionscadail agus éascaíocht an riaracháin. Is iomaí bealach a thagann cáilíocht tionscadail chun cinn trí ghnéithe éagsúla atá ar na daoine a chuireann an tionscadal chun cinn agus ar an gcóras riaracháin a fhíorú agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

81. Leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit a spreagadh chun a áirithiú go bhfuil comhpháirtíochtaí na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus go háirithe go bhfuil daoine óga, mná agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste rannpháirteach sna comhlachtaí cinnteoireachta. Déanfar faireachán air sin freisin.

82. Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit i dtreo measúnú níos fearr agus breisluach chur chuige LEADER do chaipiteal sóisialta agus rialachas áitiúil a thaispeáint. Déanfar é sin trí fhaireachán, modheolaíochtaí meastóireachta agus líonrú ar leibhéal an Aontais.

83. Bhí beochan, comhar idir comhpháirtithe áitiúla, nó nuálaíocht ar an leibhéal áitiúil nó úsáid acmhainní inghiniúla áitiúla mar bhonn taca faoi neart tionscadal, agus d'fhéadfadh breathnú air sin mar bhreisluach de chur chuige LEADER.

84. D'fhéadfadh comhar struchtúrtha i straitéis CLLD difríocht dhearfach a dhéanamh (i dtéarmaí rochtain ar chistiú, saineolas ar earnáil eile, acmhainní) i gcomparáid le cás nach bhfuil straitéis choiteann ann, e.g., d'fhéadfadh rochtain ar chlár tacaíochta a bheith dúshlánach má táthar ag leibhéal riaracháin éagsúla.

Moladh 1 – Meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí LEADER

Glacann an Coimisiún go páirteach leis an moladh.

1.A Glacann an Coimisiún le moladh 1a.

1.B Glacann an Coimisiún le moladh 1b.

1.C Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 1c.

A mhéid a bhaineann le LEADER faoi CBT, agus é ag féachaint lena inniúlacht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar ionchuimsitheacht comhlachtaí cinnteoireachta, tá gníomh cur chun feidhme á fhorbairt ag an gCoimisiún ag iarraidh ar na Ballstáit aois agus inscne na gcomhaltaí a thuairisciú.

Mar sin féin, ní ghlacann an Coimisiún an tagairt do spriocghrúpaí eile mar d'fhéadfadh an anailís sin a bheith ina fadhb chriticiúil i ndáil le cosaint sonraí pearsanta agus bailiúchán sonraí.

Ina theannta sin, ní ghlacann an Coimisiún an leis an tráthchlár socraithe do 2023. Ar choinníoll go nglactar leis an gníomh dlí sin, beidh na sonraí ar fáil in 2026.

1.D Glacann an Coimisiún le moladh 1d.

1.E Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 1e.

Tabharfar faoin moladh sin a mhéid agus is féidir, ag cur srianta maidir le bailiúchán sonraí agus éagsúlacht idir na Ballstáit maidir le cad a shainítear mar chúram reachtúil san áireamh.

Moladh 2 – Measúnú ar chur chuige ‘Forbairt Áitiúil Faoi Stiúir an Phobail’

Glacann an Coimisiún leis an moladh.